Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14624/17**
**ADD 1**

**SOC 740**
**GENDER 38**
**ANTIDISCRIM 56**
**EMPL 561**
**EDUC 423**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | An leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair<br>Achoimre feidhmiúcháin thuarascáil na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an achoimre feidhmiúcháin ar an tuarascáil dar teideal "An leithscaradh inscne san oideachas, san oiliúint agus i margadh an tsaothair" a d'ullmhaigh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) ar iarraidh ó Uachtaránacht na hEastóine[1].

---

1 Tuarascáil ar athbhreithniú ar chur chun feidhme Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta, agus tagairt faoi leith á déanamh do phríomhábhar imní "B: Oideachas agus oiliúint na mban", "L: An Cailín Óg," "K: Mná agus an Comhshaol" agus "F: Mná agus an Geilleagar".

## Achoimre Feidhmiúcháin

Tá an leithscaradh inscne bunaithe go daingean i gcórais oideachais agus i ngairmeacha beatha ar fud an Aontais. Is é atá i gceist leis, go mbíonn inscne amháin níos líonmhaire i réimsí áirithe an oideachais nó slite beatha (leithscaradh cothrománach), nó i ngráid, ar leibhéil nó i suímh áirithe (leithscaradh ingearach). Sa lá atá inniu ann, cé go mbíonn mná ag obair i ngach gairm bheatha nach raibh ach fir inti roimhe seo, is beag an líon acu go fóill, mar shampla, ar oibrithe tógála nó innealtóirí iad, nó a oibríonn mar ghairmithe TFC. Tá roinnt post, áfach, ina mbíonn na mná i bhfad níos líonmhaire, is iad sin an t-oideachas réamh-bhunscoile, an t-altranas, an cúram pearsanta agus obair tí. Laghdaíonn an leithscaradh inscne roghanna saoil, oideachais agus fostaíochta, is é is cúis le héagothroime pá, cuireann sé le steiréitíopaí inscne, cuireann sé bac ar rochtain ar phoist áirithe agus, ag an am céanna, cothaíonn sé caidreamh inar cumhachtaí inscne amháin sa saol poiblí agus sa saol príobháideach.

Is díobhálach na tionchair a bhíonn ag an leithscaradh inscne ar dheiseanna na bhfear agus na mban i margadh an tsaothair agus sa tsochaí i gcoitinne. Is mar thoradh, nach mór, ar mhná a bheith ag dul leis "na poist a bhíonn ag mná go traidisiúnta", a bhfuil an méadú leanúnach a tharla le blianta anuas i rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair; ní mar thoradh ar chothromaíocht níos fearr inscne a bheith ann sna hearnálacha agus sna gairmeacha beatha. Is iomaí earnáil ina bhfuil ionchais fáis ollmhóra agus ganntanas speisialtóirí, amhail an innealtóireacht agus TFC, ach ina ainneoin sin, ní éiríonn leo oibrithe mná a mhealladh nó a choinneáil, de dheasca na mbacainní inscneacha iontu. Is iomaí bac a bhíonn ar roghanna gairme na bhfear, fosta, lena n-áirítear pá níos ísle sna hearnálacha ina bhfuil a lán fostaíochta do mhná, agus go bhfuil sé amuigh orthu nach dteastaíonn cothromaíocht oibre is saoil an oiread sin uaithi, nó nach bhfuil an cumas cuí acu bheith ag obair in earnálacha an oideachais nó an chúraim. Is údar amháin é an leithscaradh inscne le ganntanais agus barrachais scileanna, agus mar sin de, cé nach minic a thugtar faoi deara go fóill iad, bíonn tionchair mhóra aige ar thionscnaimh bheartais éagsúla, lena n-áirítear iad siúd chun fás eacnamaíoch a spreagadh agus chun dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú. I saol mearathraitheach digiteach na hoibre, ina bhfuil tábhacht le gach tallann, baineann sé an bonn de réadú acmhainneacht iomlán nuálaíochta agus eacnamaíoch an Aontais.

Nuair a dhearbhaigh siad go leanfaidís clár oibre gníomhaíochta Bhéising, d'aithin lucht ceaptha beartais gur gá 'deireadh a chur le leithscaradh gairme, go háirithe trí rannpháirtíocht chothrom na mban a chur chun cinn i bpoist dar gá ardcháilíochtaí agus i bpoist bainistíochta sinsearaí, agus trí bhearta eile, amhail an chomhairleoireacht agus an socrúchán, chun forbairt gairme a spreagadh agus iad ag obair, agus dul chun cinn gairmiúil a éascú i margadh an tsaothair, agus trí éagsúlú a spreagadh sna roghanna gairme a dhéanann mná agus fir araon; moladh do mhná dul le poist neamhthraidisiúnta, go háirithe i réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta, agus moladh d'fhir fostaíocht a lorg san earnáil shóisialta' (Na Náisiúin Aontaithe, 1995). Tá réimse leathan tionscnamh sa tsiúl, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, chun dul i ngleic leis an leithscaradh inscne. San áireamh leo sin tá an creat straitéiseach le haghaidh oideachais agus oiliúna 2020 (ET 2020), Eoraip 2020: straitéis an Aontais Eorpaigh do phoist agus don fhás cliste inbhuanaithe cuimsitheach, rannpháirtíocht straitéiseach an Aontais don chomhionannas inscne 2016 - 2019 (ina sainaithnítear neamhspleáchas cothrom eacnamaíoch na mban agus na bhfear mar réimse tosaíochta), agus colún Eorpach na gceart sóisialta, a glacadh le déanaí, lena bhfuil sé beartaithe cearta sóisialta a áirithiú ar bhealach níos éifeachtaí le haghaidh margaí saothair cothroma dea-fheidhmiúla.

Dírítear sa tuarascáil ar réimsí an oideachais agus na hoiliúna agus ar na gairmeacha beatha atá thar a bheith leithscartha ó thaobh na hinscne de (ina bhfuil inscne amháin thar a bheith líonmhar). Dírítear go háirithe ar réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (STEM) agus ar réimsí an oideachais, na sláinte agus an leasa (EHW). San anailís, luaitear oideachas/oiliúint san oideachas treasach ar leibhéil 5-8 ISCED (ón oideachas treasach gearr-thimthriallach go dtí an t-oideachas ar leibhéal dochtúireachta nó a chomhionann) agus an gairmoideachas agus an gairmoiliúint ar leibhéil 35 agus 45 ISCED (an gairmoideachas meánscoile sinsearaí agus an gairmoideachas iar-mheánscoile neamhthreasaí).

Laistigh de STEM, is iad TFC agus an innealtóireacht ar lámh amháin agus an déantúsaíocht agus an tógáil ar an láimh eile, na réimsí ar mó fir iontu, agus is mná iad 17% agus 19% dá gcohóirt oideachais sin faoi seach. I réimsí staidéir EHW, is suntasaí an leithscaradh inscne san oideachas ná i réimsí na sláinte agus an leasa shóisialta, mar is fir iad 19% agus 21% dá gcohóirt sin faoi seach. Le deich mbliana anuas (2004-2015), thit líon na mban i measc céimithe STEM san Aontas ó 23% go dtí 22%. Ní dhearnadh aon dul chun cinn le méadú líon na bhfear i réimse staidéir EHW, agus, i rith na tréimhse céanna (2004-2015), b'fhir iad 21% acu sin go fóill ar leibhéal an Aontais. As measc réimsí an-éagsúla STEM, thit líon na gcéimithe mná go suntasach i réimse TFC (in 20 Ballstát) ach ba thearc athrú suntasach a tugadh faoi deara i réimsí staidéar na hinnealtóireachta, na déantúsaíochta agus na tógála (an réimse is mó de réimsí STEM). Coinníodh ar bun dáileadh cothrom na gcéimithe ó thaobh inscne de i réimsí na heolaíochtaí nádúrtha, na matamaitice agus na staitisticí.

Is measa ar fad an leithscaradh inscne sa ghairmoideachas ná san oideachas treasach sa chuid is mó de thíortha an Aontais. Ar an iomlán san Aontas, ní mná iad ach 13 % de chéimithe ghairmoideachas STEM ach is mná iad 32 % de chéimithe oideachas treasach STEM. Tá cúig thír ann (EE, IT, PL, PT, RO) ina bhfuil cothromaíocht inscne ó thaobh céimithe oideachas treasach STEM de, ach níor bhain tír ar bith cothromaíocht inscne amach sa ghairmoideachas. Le deich mbliana anuas, tugadh faoi deara gur tháinig meath i suim na ndaltaí uile in ábhair STEM, agus meath sa tsuim sa ghairmoideachas i measc na mban go háirithe. In ábhair EHW, níor bhain tír ar bith cothromaíocht inscne amach i measc daltaí san oideachas treasach ná sa ghairmoideachas: is fir iad 16% de chéimithe ghairmoideachas EHW agus 23% de chéimithe oideachas treasach EHW. Is léir ó na sonraí go bhfuil méadú i suim na mban agus na bhfear in ábhair EHW ar leibhéal an ghairmoideachais.

Is lú i bhfad na deiseanna fostaíochta do mhná ná d'fhir a bhaineann céim amach sna réimsí oideachais sin ina bhfuil na fir i bhfad níos líonmhaire. In 2014, ba é 76% ráta fostaíochta chéimithe mná an Aontais in oideachas treasach STEM. Tá sé sin 10% níos ísle ná meánráta fostaíochta na bhfear ag a bhfuil an leibhéal céanna cáilíochta agus 3% níos ísle ná meánráta fostaíochta na mban a fuair oideachas treasach. Ina theannta sin, murab ionann agus an méadú foriomlán ar fhostaíocht na mban san Aontas, thit ráta fostaíochta chéimithe mná STEM idir 2004 agus 2014. Ar a bharr sin, tá méadú suntasach i rátaí neamhghníomhaíochta chéimithe mná STEM a rinne staidéar ar leibhéal an ghairmoideachais. Ar fud an Aontais, bhí ráta fostaíochta chéimithe fir EHW níos airde ná gnáthráta fostaíochta na bhfear agus níos airde fosta ná ráta fostaíochta na bhfear uile a fuair oideachas treasach.

San aistriú ón oideachas go dtí an obair, bíonn ról ar leith ag an inscne mar 'thonnadóir' chun fir agus mná óga a chur i dtreo na bpost inscneach in áit na bpost neamhthipiciúil ó thaobh inscne de. Is fearr an seans atá ag céimí mná EHW teacht ar phost atá ag teacht lena próifíl ná mar atá ag céimí mná STEM, agus a mhalairt atá fíor i gcás na gcéimithe fir sna réimsí sin. As measc chéimithe oideachas treasach STEM, ní mná iad ach trian acu sin i ngairmeacha beatha STEM, le taobh fear amháin as gach beirt atá ag obair sna gairmeacha sin. Maidir le céimithe an ghairmoideachais atá ag obair i ngairmeacha STEM, is mó arís an bhearna; ní céimithe mná iad ach 10% acu sin i gcomparáid leis an 41% acu ar céimithe fir iad. Acu sin nach bhfanann i réimse STEM agus ar mná iad, tá 21%, a fuair oideachas treasach, atá ag obair sa mhúinteoireacht agus 20%, a fuair gairmoideachas STEM, atá ag obair i ndíolacháin. Is cothroime an seans a bhíonn ag duine post a fháil atá ag teacht lena phróifíl oideachais i réimse EHW; bhí leathchuid de na mná agus de na fir a fuair oideachas ar aon leibhéal in ann obair a fháil i ngairmeacha beatha EHW.

Bíonn an leithscaradh inscne i ngairmeacha STEM agus EHW ard i gcónaí agus níor tháinig feabhas ar bith air sin le deich mbliana anuas. Go deimhin, thit líon na bhfear i ngairmeacha EHW ar leibhéal an Aontais ó 30% in 2004 go dtí 26% in 2014. Scor na bhfear is cuid den chúis leis seo mar is fir iad 40% den lucht saothair i réimsí a bhaineann leis an oideachas, an tsláinte agus an leas sóisialta atá idir 60 bliain agus 64 bliana d'aois, nach ionann agus an líon i bhfad níos lú fear (23%) sna cohóirt is óige. Tháinig méadú beag ó 13 % in 2004 go dtí 14 % in 2014 ar líon na mban i ngairmeacha STEM. Ní léir aon difríochtaí i líon na mban in aoischohóirt éagsúla lucht saothair STEM.

Tá difríochtaí suntasacha i méid an leithscartha inscne i dtíortha éagsúla agus sna gairmeacha éagsúla a bhaineann le réimsí STEM agus le réimsí EHW. Mar sin de, d'fhéadfadh cúrsaí a bheith i bhfad níos fearr. Is fir amháin, a bheag nó a mhór, a bhíonn ag obair sa tógáil agus sna ceirdeanna lena mbaineann, sna ceirdeanna leictreacha agus leictreonacha, sna ceirdeanna miotail, innealra agus ceirdeanna eile lena mbaineann agus i réimse TFC, ach is iad na mná is líonmhaire amuigh i réimse an chúraim phearsanta. Ní fheictear cothromaíocht inscne i measc gairmithe eolaíochta agus innealtóireachta seachas in aon tír amháin (LV). I roinnt tíortha, is iad na fir is líonmhaire i réimse oibriú an ghléasra dho-aistrithe agus na meaisíní, ach i dtíortha eile tá líon an-mhór oibrithe ann ar mná iad. Baineadh cothromaíocht inscne amach i measc fostaithe i ngairmeacha (comhlacha) sláinte i roinnt tíortha; tá gannionadaíocht fear i ngairm na múinteoireachta, áfach, ar fud na mBallstát.

Meastar go bhfuil an leithscaradh inscne ar cheann de na príomh-bhunchúiseanna leis an mbearna phá idir na hinscní sna hearnálacha uilig. Is fáinne fí é sin, mar cuireann an bhearna phá idir na hinscní bac le laghdú an leithscartha inscne fosta. Ní amháin go bhféadfadh difríochtaí i leibhéil phá in earnálacha éagsúla mná a spreagadh chun dul i mbun oibre i ngairmeacha ar líonmhaire na fir iontu, ach d'fhéadfadh na difríochtaí sin fir a dhíspreagadh ó bheith ag dul le gairmeacha ar líonmhaire na mná iontu. Maidir leo sin atá ag obair cheana féin sna hearnálacha atá faoi chaibidil, is léir gur lú, gan choigeartú, an bhearna phá idir na hinscní in earnálacha STEM ná in earnálacha EHW, cé go bhfuil difríochtaí móra idir na tíortha agus na fo-earnálacha. Mar shampla, i ngach Ballstát de chuid an Aontais, tuilleann na fir níos mó ná na mná i réimse na déantúsaíochta agus TFC, ach tugtar faoi deara i réimse bhainistiú na dramhaíola, na ngníomhaíochtaí feabhsúcháin nó na tógála go mbíonn meánphá níos airde ag na mná ná na fir i roinnt Ballstát.

Ar iarraidh Uachtaránacht na hEastóine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh (2017), déantar iniúchadh leis an tuarascáil seo ar an dul chun cinn atá déanta idir 2004 agus 2015 chun an leithscaradh inscne a chosc san oideachas, san oiliúint agus i margadh saothair an Aontais. Tá an anailís bunaithe ar tháscairí atá ann cheana agus ar tháscairí nua Bhéising a bheartaítear maidir le leithscaradh inscne san oideachas, san aistriú ón oideachas chuig an bhfostaíocht, agus sa leithscaradh gairme. Baineadh leas as roinnt foinsí éagsúla sonraí sa tuarascáil seo, lena n-áirítear Unesco-OECD-Eurostat (UOE), suirbhé ar fhórsa saothair na hEorpa, suirbhé ar dhálaí oibre san Eoraip a rinne an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), agus suirbhé Eorpach ar scileanna agus poist a rinne an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop).